Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

13602/22

LIMITE

CORLX 921
CFSP/PESC 1338
COAFR 264
CONUN 240
COARM 198
FIN 1077

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó |

**CINNEADH (CBES) 2022/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 20 Nollaig 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/788/CBES[1] a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Phoblacht Dhaonlathach an Chongó.

(2) An 30 Meitheamh 2022, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 2641 (2022) lena leasaítear na critéir chun daoine agus eintitis a ainmniú le bheith faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach i míreanna 9 agus 11 de Rún 1807 (2008) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, chomh maith le raon feidhme na hoibleagáide fógra a thabhairt don Choiste Smachtbhannaí arna bhunú de bhun Rún 1533 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le lastais arm agus ábhar gaolmhar do Phoblacht Dhaonlathach an Chongó, nó maidir le haon soláthar cúnaimh theicniúil, maoinithe, seirbhísí bróicéireachta agus seirbhísí eile a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó.

(3) Tá gá le tuilleadh gníomhaíochta ón Aontas chun bearta áirithe a chur chun feidhme.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2010/788/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] Cinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle an 20 Nollaig 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó (IO L 336, 21.12.2010, lch. 30).



PUBLIC

*Airteagal 1*

PUBLIC

Leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) soláthar, díol nó aistriú trealaimh mhíleata neamh-mharfaigh atá beartaithe don úsáid dhaonnúil nó chosantach amháin, nó cúnamh teicniúil agus oiliúna, a bhaineann leis an trealamh neamh-mharfach sin a chur ar fáil;';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Cé is moite de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) de mhír 1, tabharfaidh na Ballstáit réamhfhógra don Choiste Smachtbhannaí arna bhunú de bhun Rún 1533 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe ('an Coiste Smachtbhannaí') maidir le haon chúnamh teicniúil, maoiniú, seirbhísí bróicéireachta agus seirbhísí eile a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó a sholáthar, nó maidir le haon lastas de na hairm agus den ábhar gaolmhar seo a leanas do Phoblacht Dhaonlathach an Chongó:

(a) gach cineál arm ag a bhfuil cailibre suas le 14.5 mm aige agus an t-armlón a ghabhann leo;

(b) moirtéir ag a bhfuil cailibre suas le 82 mm agus an t-armlón a ghabhann leo;

(c) gránáidí agus teilgeoirí roicéad ag a bhfuil cailibre suas le 107 mm, agus an t-armlón a ghabhann leo;

(d) córais aerchosanta iniompartha;

(e) córais diúracán treoraithe fritancanna.

Beidh an fhaisnéis ábhartha uile i bhfógra den sórt sin, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, an t-úsáideoir deiridh, an dáta seachadta atá beartaithe agus cúrsa taistil na lastas.';

(2) in Airteagal 3(1), cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

'(k) a bheith páirteach i ngairis phléascacha sheiftithe a tháirgeadh, a mhonarú nó a úsáid i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, nó in ionsaithe i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó a choimisiúnú, a phleanáil, a ordú nó cabhrú leis na hionsaithe sin, dul i bpáirt leo nó cúnamh a thabhairt ina leith ar bhealach eile le gairis phléascacha sheiftithe.'.

PUBLIC

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC